Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Lúnasa '11.

Turas go Gleann Garbh, Dé Máirt an 16ú lá de mhí Lúnasa

Beidh turas go dtí Gleann Garbh, ag tógaint isteach radhairc deasa na háite, lón breá agus scoraíocht gairid ar an Mháirt an 16ú lá. Cathaigh na ainmneacha a bheith isteach roimh an Aoine an 12ú lá le do thoil. Chun d'áit a chur in áirithe cuir glaoch orainn ag 026 45661. Fáilte roimh cách.

Achoimre ar na hAthruithe ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh

Anseo thíos tá achoimre, ó suíomh idirlíne an Roinn Coimirce Sóisiala, ar na hathruithe ar shochair teaghlaigh agus ar liúntas breosla gan toit ón 1ú lá Meán Fómhair 2011. Chun tuilleadh eolais a fháil is féidir teaghmháil a dhéanamh leis an Oifig Leasa Shóisialaigh i Máigh Chromtha ag 026 20110.

Liúntas Breosla Gan Toit. Cuirfear deireadh leis an Liúntas Breosla gan Toit ó Mheán Fómhair 2011. Íocadh an Liúntas Breosla gan Toit le custaiméirí i mbailte ina raibh cosc ar bhreosla biotúmanach a dhíol. Tugadh an Liúntas Breosla gan Toit isteach nuair a bhí gual in úsáid ag mórchuid daoine agus difear mór idir praghsanna guail gan toit agus gnáthghuail. Ach tá an difear sin tar éis laghdú go mór agus tá sé chomh híseal le 2% anois, i bhfad níos lú ná an 20% atá i gceist sa Liúntas. Ina theannta sin, tá bhreosla gan toit níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de ná gnáthghual. D'íoctaí an liúntas 32 seachtain sa bhliain le linn mhíonna an gheimhridh ag ráta seachtainiúil de €3.90. Ní dhéanfaidh sé aon difear don Scéim Náisiúnta Breosla deireadh a bheith curtha leis an liúntas seo. Leanfar le €20 sa tseachtain a íoc le custaiméirí faoin Scéim Náisiúnta Breosla ar feadh 32 seachtain ag tosnú i Meán Fómhair 2011.

Liúntas Leictreachais. Athróidh luach bliantúil an Liúntais Leictreachais ó 2,400 aonad go 1,800 aonad le héifeacht ó Mheán Fómhair 2011. Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm láithreach ar bhillí custaiméirí a thugann an liúntas díreach don soláthraí. I gcás na gcustaiméirí sin a fhaigheann íocaíocht mhíosúil in airgead tirim, athróidh a ráta siúd go €35.80 sa mhí ón Máirt an 6ú Meán Fómhair 2011.

Liúntas Gáis. Athróidh luach bliantúil an Liúntais Gháis ó €489 go €393 le héifeacht ó Mheán Fómhair 2011. Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm láithreach ar bhillí custaiméirí a thugann an liúntas díreach don soláthraí. I gcás na gcustaiméirí sin a fhaigheann íocaíocht mhíosúil in airgead tirim, athróidh a ráta siúd go €32.70 sa mhí ó Mheán Fómhair 2011.

Liúntas Teileafóin. Athróidh luach bliantúil an Liúntais Theileafóin ó €311 go €267 le héifeacht ó Mheán Fómhair 2011. Cuirfear an t-athrú i bhfeidhm láithreach ar bhillí custaiméirí a thugann an liúntas díreach don soláthraí teileafóin. I gcás na gcustaiméirí sin a fhaigheann íocaíocht mhíosúil in airgead tirim, athróidh a ráta siúd go €22.30 sa mhí ó Mheán Fómhair 2011.

Stair faoin bPáipéar "The Irish Examiner"

Ar an 30 Lúnasa, 1841, díoladh an chéad eagrán den "Cork Examiner". I dtosach páipéar tráthnóna a tháinig amach trí huaire sa tseachtain, ar chostas ceithre pingne ab ea é. Ba í £21 párolla an nuachtáin. Díreach bliain ó bhunús an pháipéir tháinig Thomas Crosbie agus a chlann i gcomhpháirt chun an páipéar a reachtáil ar feadh 129 bliain. Ní raibh sé ach cúig bliana déag d'aois agus bhí a scolaíocht fhoirmiúil críochnaithe aige le dhá bhliain. Nuair a fuair John F. Maguire bás i 1872, bhí Thomas Crosbie ina úinéir ar an ngnó. Le linn a chuid ama leis an bpáipéar athraíodh ó pháipéar tráthnóna trí lá go dtí páipéar laethúil sé lá é i 1858. Thug sé an "Evening Echo" isteach i 1892 agus an "Weekly Examiner" isteach i 1896. Fuair Thomas Crosbie bás i 1899, ag fágaint a mhac George chun an traidisiún a tabhairt ar aghaidh. Ó shin i leith tá an chuideachta nuachtáin faoi úinéireacht agus á rialú ag clann Crosbie. I mí Márta 1996, d'athraigh ainm an "Cork Examiner" go dtí "The Examiner", cinneadh a raibh machnamh déanta faoi ar feadh 30 bliain. Leis an gcinneadh seo bhí lucht Foilseacháin an Examiner chun tuairisciú agus scaipeadh an nuachtáin á leathnú. I mí Aibreáin 2000, tugadh "The Irish Examiner" in ionad "The Examiner" ar an bpáipéar agus sa lá atá inniu ann tá ard-mheas ar an nuachtán mar pháipéar náisiúnta le meascán de nuacht idirnáisiúnta, náisiúnta, nuacht réigiúnach agus áitiúil le fáil ann.

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Luain an 15ú lá de mí Lúnasa. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Le coinne, dáta le socrú, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, **31ú lá** de mí Lúnasa.
Do choinne glaoigh ar 026 45559 nó 40999.

Cleas Inchinne.

Cad é atá agat, agus fós in úsáid ag daoine eile níos mó ná agat féin?

Dúcheist Tapaidh

Chuaigh Susan go dtí siopa ina ndíoltar earraí ar phraghas, aon euro, dhá euro nó trí euro. Dá gceannófaí dhá cheann den earra céanna, bheadh an tríú ceann ar leathphraghas. Dhein Susan cinneadh, sé earraí a cheannach agus d'íoc sí € 9.50. Cé mhéad de gach earra, ar aon euro, dhá euro nó trí euro a cheannaigh sí?
Leid: Ar a laghad ceann amháin de gach earra

Freagraí ón mí seo caite

Cleas Inchinne: Roinn na boinn amach i dtrí ghrúpa le trí bhonn i ngach grúpa. Cuir dhá ghrúpa ar an meatán agus má tá an bonn bréagach i gceann díobh ní bheidh siad cothrom. Má táid cothrom tá an bonn bréagach sa tríú grúpa. Cuir dhá bhonn ón ngrúpa is éadroime ar an meatán agus má táid cothrom is é an tríú bonn an ceann bréagach. **Dúcheist Tapaidh:** Tiocfaidh Joe ar dtús agus beidh sé 10 noiméad déanach.

Bó an Uachtaráin

B'fhéidir gurb í Pauline Wayne an bhó, Holstein Freaslannach, is cáiliúla riamh, bó a bhí ina pheata oifigiúil ag 27ú Uachtarán na Stát Aontaithe, William Howard Taft, ó 1910-1913. Bhí Pauline Wayne ina cónaí agus ar féarach ar phlásóg an Tí Bháin agus ag soláthar bainne don chéad teaghlach. B'í Pauline Wayne an bhó dheireannach a bhí ina pheata uachtaránach.

Deastógáil an Mhaighdean Mhuire, 15ú lá de mhí Lúnasa.

A Bhanríon álainn go bhfuil na grásta ort,
ó liúim go hárd agus glaoim ort.
Ó's tusa máthair an Linbh ghrámhair
déag don pháis dár saoradh.
Is é seo láithreach am an ghátair,
is mé gan cairde taobh liom.
Ó tar im láthair, cabhraigh lámh liom,
is ná lig don bhás mé a thraochadh.
Amen.

Shuíomh Oidhreachta OOP

Tá áthas ar Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) a fhógairt go mbeidh cuairt saor in aisce á tairiscint ag gach Suíomh Oidhreachta faoi bhainistíocht OOP, ag tosnú ar an gCéadaoin an 6ú Iúil agus ag leanúint ar an gcéad Chéadaoin de gach mí in 2011. Tabhair faoi deara le do thoil go mbaineann sé seo le suíomhanna atá faoi bhainistíocht OOP amháin, ach amháin na suíomhanna seo a leanas: Teach & Gáirdíní Mhucrois, Feirmeacha Traidisiúnta Mhucrois; Caisleán Ghleann Bheatha. Tá liosta thíos de roinnt Suíomhanna Oidhreachta OOP i gCorcaigh agus Ciarraí atá ag glacadh páirte.
Corcaigh: Caisleán Chúirt an Bharraigh, Daingean Rinn Chorráin, Oileán an Chulinn (Oileán Gharinse)
Ciarraí: Teach Dhoire Fhíonáin, An Pháirc Náisiúnta Stairiúil, Caisleán an Rois, Sceilig Mhichíl.

An Chéad Chraoladh de Chluiche Páirce

Ar an 29ú Lúnasa 1926, rinne 2RN (an chéad stáisiún raidió in Éirinn) tráchtaireacht ar chluiche páirce a chraoladh don chéad uair riamh. B'é a bhí ann ná cluiche leath-cheannais na hÉireann san Iománaíocht idir Cill Chainnigh agus Gaillimh i bPáirc an Chrócaigh. (Bhuaigh Cill Chainnigh 6-2 i gcoinne 5-1).

Builín banana agus gallchnó

Comhábhair: 75g margairín nó im bog,
75g siúcra mionaithe, 2 spúnóg bhoird de mhil, 225g plúr bán, 2 thaespúnóg de phúdar bácála, 4 bhanana, 50g gallchnónna mionghearrtha, 1 ubh
Modh: Déan an ubh a bhualadh agus cuir leis an margairín agus an siúcra é i mbabhla measctha mór. Déan an plúr a chriathrú isteach leis. Buail an meascán go tapa. I mbabhla eile, déan na bananaí a bhrú le forc. Cuir na bananaí agus na gallchnónna leis an meascán agus déan é a mheascadh arís. Cuir an taos i stán bácála agus bíodh an barr mín. Déan an t-oigheann a théamh roimh ré go dtí 180°C/350°F/Marc Gáis 4. Déan an builín a bhácáil i lár an oighinn ar feadh beagán níos lú ná uair a chloig. Beidh a fhios agat go bhfuil sé réidh nuair a ardaíonn an builín agus nuair is féidir leat briogún a chur isteach ann agus go dtagann sé amach glan. **Foinse: www.safefood.eu**